V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

PARLAIMINT NA hEORPA

FÓGRA FOLÚNTAIS PE/291/S

STIÚRTHÓIR

(Grúpa Feidhme AD, grád 14)

Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide — An Stiúrthóireacht Um Achmhainní

(2023/C 222 A/01)

1. **Folúntas**

Tá cinneadh déanta ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa an nós imeachta a oscailt chun post **Stiúrthóra** (AD, grád 14) a líonadh in Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, an Stiúrthóireacht um Acmhainni, ar bhonn Airteagal 29(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh [1] (dá ngairtear na "Rialacháin Foirne" anseo feasta).

Seolfar an nós imeachta roghnúcháin seo, a bhfuil sé d'aidhm aige an rogha is leithne d'iarrthóirí a thabhairt don Údarás Ceapacháin, ag an am céanna leis na nósanna imeachta inmheánacha agus idirinstitiúideacha chun poist a líonadh.

Déanfar an earcaíocht ar ghrád AD 14 [2]. Is é EUR 16 292,34 in aghaidh na míosa an buntuarastal. I dteannta an bhuntuarastail, atá faoi réir cáin réir cáin a théann chun sochair don Aontas Eorpach agus atá díolmhaithe ó cháin náisiúnta, tá liúntais áirithe a d'fhéadfaí a íoc leis an té a cheapfar, de réir mar a leagtar amach sna Rialacháin Foirne.

Cuirtear in iúl do na hiarrthóirí go bhfuil an post seo faoi réir na rialacha maidir leis an mbeartas soghluaisteachta arna nglacadh ag Biúró Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanair 2018.

Éilítear solúbthacht leis an bpost seo agus go ndéanfar teagmháil go rialta le daoine laistigh den Pharlaimint agus lasmuigh di, go háirithe leis na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa. Beidh ar an Stiúrthóir turais ghnó a dhéanamh go minic idir áiteanna oibre na Parlaiminte agus go dtí áiteanna eile lasmuigh díobh.

2. **Ionad Fostaíochta**

An Bhruiséil. D'fhéadfaí an post seo a aistriú go dtí ceann d'ionaid eile oibre Pharlaimint na hEorpa.

3. **Comhionannas Deiseanna**

Is fostóir comhionannais deiseanna í Parlaimint na hEorpa agus glacann sí le hiarratais gan idirdhealú a dhéanamh ar fhorais ar bith amhail inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, tréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairim eile, a bheith ar dhuine de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó stádas teaghlaigh.

---

[1] Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1), arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, lch. 1) agus arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (IO L 287 an 29.10.2013, lch. 15).

[2] Earcófar an t-oifigeach sa chéim is iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 32 de na Rialacháin Foirne.

4. **Cúraimí an phoist**

Mar oifigeach sinsearach, beidh an Stiúrthóir freagrach as na dualgais seo a leanas, de réir na dtreoirlínte agus na gcinntí arna leagan síos ag an údarás parlaiminteach agus ag an Ard-Stiúrthóir ([3]):

— dea-fheidhmiú roinne móire den Ardrúnaíocht ina bhfuil aonaid éagsúla a chumhdaíonn réimsí freagrachta na Stiúrthóireachta, i gcomhréir le beartais na hinstitiúide;

— foirne d'oifigigh a bhainistiú, a mhaoirsiú, a spreagadh agus a chomhordú; an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní na roinne agus caighdeán cáilíochta na seirbhíse (eagrú, bainistiú acmhainní daonna agus buiséid, nuálaíocht etc.) a áirithiú sna réimsí gníomhaíochta;

— gníomhaíochtaí na stiúrthóireachta (cuspóirí agus straitéisí a leagan amach) a phleanáil, na cinntí is gá a dhéanamh chun na cuspóirí a bheidh leagtha síos a ghnóthú; measúnú a dhéanamh ar na seirbhísí atá ar fáil chun cáilíocht na seirbhísí sin a ráthú;

— comhairle a chur ar an Ard-Stiúrthóir, ar an Ard-Rúnaí agus ar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa ina réimsí gníomhaíochta,

— comhoibriú leis na stiúrthóireachtaí éagsúla san Ardrúnaíocht, ionadaíocht a dhéanamh ar an institiúid agus conarthaí nó comhaontuithe a chaibidliú ina réimsí gníomhaíochta;

— tionscadail shonracha a bhféadfadh freagrachtaí airgeadais a bheith ag gabháil leo a bhainistiú agus a thabhairt chun críche;

— feidhmeanna oifigigh údaraithe trí fhotharmligean a chur i gcrích.

5. **Incháilitheacht**

Tá an nós imeachta roghnúcháin seo oscailte d'iarrthóirí a chomhlíonfaidh na coinníollacha seo a leanas ar an dáta deiridh chun iarratas a chur isteach:

a) *Coinníollacha ginearálta*

I gcomhréir le hAirteagal 28 de na Rialacháin Foirne, ní mór d'iarrthóirí:

— a bheith ina náisiúnaigh de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ([4]),

— a lánchearta mar shaoránaigh a bheith á dteachtadh acu;

— a ndualgais a bheith comhlíonta acu i ndáil leis na hoibleagáidí seirbhíse míleata is infheidhme de réir dlí;

— na teistiméireachtaí carachtair a bheith acu is iomchuí do na cúraimí atá i gceist a chomhlíonadh.

(b) *Coinníollacha sonracha*

(i) Cáilíochtaí a éilítear

— nuair is ceithre bliana nó níos mó an ghnáth-thréimhse do chúrsa léinn san ollscoil, leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile agus céim bainte amach ag a dheireadh, ar céim í a aithnítear go hoifigiúil i gceann amháin de Bhallstáit an Aontais,

nó

— nuair is trí bliana ar a laghad an ghnáth-thréimhse do chúrsa léinn san ollscoil, leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile agus céim bainte amach ag a dheireadh, ar céim í a aithnítear go hoifigiúil i gceann amháin de Bhallstáit an Aontais, mar aon le taithí ghairmiúil iomchuí d'aon bhliain amháin ar a laghad ([5]) i ndiaidh na céime.

Is cuma cé acu i mBallstát den Aontas nó i dtír eile í a bhronntar iad, ní mór na céimeanna a bheith aitheanta ag comhlacht oifigiúil i mBallstát de chuid an Aontais, amhail Aireacht Oideachais ceann de Bhallstáit an Aontais.

Na hiarrthóirí a bhfuil céimeanna acu a bhronn Ballstát nach Ballstát den Aontas Eorpach é ([6]), ní mór dóibh coibhéis Eorpach a gcuid céimeanna a cheangal lena n-iarratas. Tá tuilleadh eolais faoi cháilíochtaí neamh-AE a aithint ar fáil i líonraí ENIC-NARIC https://www.enic-naric.net/.

([3]) Féach an Iarscríbhinn le haghaidh na bpríomhdhualgas.

([4]) Is iad seo a leanas Ballstáit an Aontais Eorpaigh: An Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicea, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn, an Ungáir.

([5]) Ní chuirfear an bhliain sin de thaithí san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an taithí ghairmiúil a éilítear sa chéad fhleasc eile den mhír seo.

([6]) Glactar le cáilíochtaí/céimeanna na Ríochta Aontaithe a fuarthas go dtí an 31 Nollaig 2020 gan aitheantas eile a bheith leo. I gcás céimeanna a fuarthas tar éis an dáta sin, tá aitheantas NARIC ag teastáil. I gcleachtas, ciallaíonn sé sin nach mór coibhéis arna heisiúint ag údarás inniúil de chuid Ballstáit den Aontas a bheith ag gabháil le céimeanna na Ríochta Aontaithe arna n-eisiúint ón 1 Eanair.2021 ar aghaidh.

(ii) An taithí ghairmiúil is gá

Taithí ghairmiúil a bheith bainte amach tar éis na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas a bhaint amach:

dhá bhliain déag, agus cuid den táithí ar a laghad a bheith faighte i réimsí freagrachta na Stiúrthóireachta, agus **sé bliana** ar a laghad i dtimpeallacht Eorpach agus/nó idirnáisiúnta a bheith cuimsithe léi, agus **sé bliana** ar a laghad ar leibhéal bainistíochta i roinn mhór.

(iii) Eolas ar theangacha

Ní mór eolas sármhaith a bheith ag na hiarrthóirí ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ([7]), agus eolas sásúil a bheith acu ar cheann amháin eile ar a laghad de na teangacha sin.

Tabharfaidh an Coiste Comhairleach aird ar eolas ar theangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

6. **Trialacha**

Chun cabhrú leis an Údarás Ceapacháin a rogha a dhéanamh, déanfaidh an Coiste Comhairleach um Oifigigh Shinsearacha a Cheapadh liosta iarrthóirí a dhréachtú agus molfaidh sé do Bhiúró Pharlaimint na hEorpa cé hiad na daoine a nglaofar orthu chun agallaimh. Glacfaidh an Biúró an liosta, agus seolfaidh an Coiste na hagallaimh agus cuirfidh sé a thuarascáil chríochnaitheach faoi bhráid an Bhiúró le haghaidh cinneadh. Ag an gcéim sin, féadfaidh an Biúró na hiarrthóirí a chur faoi agallamh.

Beidh na hagallaimh bunaithe ar an gcur síos ar chúraimí an phoist, mar a shonraítear faoi phointe 4 den fhógra seo iad, agus ar na hinniúlachtaí seo a leanas:

— bua na straitéise;

— cumas ceannaireachta;

— cumas pleanála chun cinn;

— cumas freagairt d'athruithe;

— críochnúlacht;

— cumas cumarsáide.

7. **Iarratais a chur isteach**

Is é an dáta deiridh chun iarratas a chur isteach ná

Dé Luain, 10 Iúil 2023, ar 12:00 (meán lae), am na Bruiséile.

Iarrtar ar na hiarrthóirí litir inspreagtha, i bhformáid pdf (le cur faoi bhráid Ard-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa, uimhir an fhógra earcaíochta PE/291/S), mar aon le *curriculum vitae* i bhformáid Europass ([8]), a sheoladh trí ríomhphost, agus ar an modh sin amháin, agus tagairt don fhógra seo (PE/291/S) i líne an ábhair, chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas:

PERS-EPSeniorManagement@ep.europa.eu

agus is iad dáta agus am seolta an ríomhphoist a bheidh mar fhianú air.

Is faoi na hiarrthóirí a bheidh sé a dheimhniú go mbeidh gach doiciméad scanta inléite.

Ní mór do na hiarrthóirí a gheobhaidh glao chun agallaimh, faoi dháta an agallaimh, na doiciméid tacaíochta a bhaineann lena staidéir, lena dtaithí ghairmiúil agus lena bhfreagrachtaí reatha a thabhairt ar aird, agus na doiciméid sin a bheith i bhfoirm cóipeanna nó fótachóipeanna amháin ([9]). Ní thabharfar na doiciméid sin ar ais do na hiarrthóirí.

Déanfar na sonraí pearsanta a chuirfidh na hiarrthóirí in iúl faoin nós imeachta roghnúcháin seo a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (CE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), go sonrach a mhéid a bhaineann le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

([7]) Is iad teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh: an Ghearmáinis, an Béarla, an Bhulgáiris, an Chróitis, an Danmhairgis, an Spáinnis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghréigis, an Ungáiris, an Ghaeilge, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSlóvaicis, an tSlóivéinis, an tSualainnis agus an tSeicis.

([8]) https://europa.eu/europass/

([9]) Ní bhaineann sé seo le hiarrthóirí atá ag obair do Pharlaimint na hEorpa ar an dáta deiridh le haghaidh iarratais. Is faoi na hiarrthóirí atá sé a áirithiú go mbeidh an comhad iomlán a chomhfhreagraíonn dá n-iarratas ag seirbhísí na Parlaiminte (i gcás doiciméid ábhartha gan bheith ar fáil ar an tairseach HRM (*Streamline*)).

([10]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

IARSCRÍBHINN

Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide – An Stiúrthóireacht Um Acmhainní

Príomhchúraimí

(Líon foirne iomlán de 53 ghníomhaire: 39 n-oifigeach, 2 ghníomhaire shealadacha agus 12 ghníomhaire ar conradh)

08/05/2023

— Na cúig aonad sa Stiúrthóireacht a stiúradh, a chomhordú agus a eagrú i gcomhréir leis na rialacháin agus de mheon seirbhíse do chustaiméirí d'fhonn cuspóirí na hArd-Stiúrthóireachta a bhaint amach;

— Straitéisí a mholadh agus a chur chun feidhme maidir le húsáid éifeachtúil na n-acmhainní a leithdháileann an t-údarás buiséadach ar an Ard-Stiúrthóireacht agus gníomhaíochtaí pleanála a chomhordú le ranna freagracha eile, lena n-áirítear an tAonad um Straitéis agus Nuálaíocht san Ard-Stiúrthóireacht, na ranna atá freagrach as AS FINS, AS PERS, AS ITEC, AS INLO agus Oifig an Ard-Rúnaí;

— Anailísí a tharraingt suas ar an gcineál "screening" ar acmhainní (poist, conarthaí, foireann sheachtrach) agus ar chláir chun acmhainneacht na hArd-Stiúrthóireachta a uasmhéadú, go háirithe trí oiliúint a sholáthar, trí fhaireachán a dhéanamh ar thionscadail SEF agus trí táscairí feidhmíochta (KPInna) a shainiú;

— An gcaidreamh le heintitis eile na hArd-Stiúrthóireachta agus le hArd-Stiúrthóireachtaí eile a bhainistiú, go háirithe trí rannpháirtíocht sa Ghrúpa Stiúrthóirí Acmhainní i ngrúpaí eile;

— Anailís a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus iad a mholadh don fhoireann shinsearach i gcásanna an-íogair a bhaineann, mar shampla, le grádú, le soghluaisteacht, le tinneas fadtéarmach, agus le míchumas.

AN tAONAD PEARSANTA

— Comhaid shonracha agus comhaid chothrománacha acmhainní daonna a bhainistiú agus as obair leantach a dhéanamh orthu: SEF/PPP nó tionscadail inmheánacha, nósanna imeachta roghnúcháin, gníomhaíochtaí soghluaisteachta, faireachán ar chomhaontuithe idir-ASanna, bileoga oibre a chomhchuibhiú, "grianghraf de sheirbhísí", athruithe ar uaireanta oibre agus teilea-obair struchtúrach, táscairí acmhainní daonna, laethanta gairme, an t-ardán "Career Opportunities", etc.;

— Bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar na poist sa chairt eagrúcháin agus ar ghluaiseachtaí na mball foirne san Ard-Stiúrthóireacht (fógairt post, agallaimh, earcaíocht, athnuachan ar chonarthaí, uasghrádú); an t-imchlúdach "foireann ar conradh" a leithdháiltear ar an Ard-Stiúrthóireacht a bhainistiú;

— Riachtanais i réimse na gairmoiliúna a shainiú, an plean oiliúna bliantúil a tharraingt suas agus a chur chun feidhme, cuidiú leis na haonaid na gníomhaíochtaí a bheartaítear a chur chun feidhme; an oiliúint sheachtrach agus ar an imchlúdach buiséid arna leithdháileadh ar an Ard-Stiúrthóireacht don oiliúint sin a bhainistiú;

— Orduithe misin a bhainistiú, faireachán a dhéanamh ar an imchlúdach "misin" de chuid na hArd-Stiúrthóireachta agus nósanna imeachta maolaithe; páirt a ghlacadh sa mheitheal idir-AS maidir le eMISS;

— Comhordú, bainistiú, glacadh agus comhtháthú oiliúnaithe i gceanncheathrú agus in oifigí idirchaidrimh de chuid Pharlaimint na hEorpa a áirithiú, chomh maith le baill foirne nua-earcaithe nó a chuaigh isteach san Ard-Stiúrthóireacht;

— Obair leantach a dhéanamh ar an nós imeachta tuairiscithe foirne: pointí fiúntais, gearáin agus ardú céime;

— Comhairle gairme agus gairmthreoir a chur ar fáil;

— Cúraimí eile: cosaint sonraí, EMAS, suíomh gréasáin "Confluence" na hArd-Stiúrthóireachta, etc.

AN tAONAD UM BAINISTIÚ SOLÁTHAIR, CONARTHAÍ AGUS DEONTAS

— Glaonna ar thairiscintí ó na hArd-Stiúrthóireachta a chlárú agus faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme: nósanna imeachta idirinstitiúideacha a chomhordú agus faireachán a dhéanamh orthu, an measúnú *ex ante* ar nósanna imeachta soláthair agus deontais a bhainistiú trína rialtacht agus a ndlíthiúlacht a fhíorú, scagchuarda airgeadais a shainiú, rannchuidiú le dréachtú tuarascálacha airgeadais agus cur chun feidhme, rialuithe *ex post* a bhainistiú;

— Comhairle a chur ar aonaid oibríochtúla maidir le glaonna ar thairiscintí a dhearadh agus a chur chun feidhme: faireachán a dhéanamh ar nósanna imeachta soláthair, saincheisteanna dlí a bhainistiú, go háirithe saincheisteanna a bhaineann le cearta maoine intleachtúla, dréacht-téacsanna rialála inmheánacha agus nósanna imeachta riaracháin a ullmhú;

— Cúnamh a thabhairt maidir le dearadh, dréachtú agus measúnú a dhéanamh agus conarthaí a ullmhú le haghaidh cláir dheontais arna mbainistiú ag aonaid oibríochtúla: cúnamh a chur ar fáil maidir le saincheisteanna dlí a bhaineann le deontais a chur chun feidhme, lámhleabhair nósanna imeachta agus scagchuarda a dhréachtú chun deontais a bhainistiú, comhoibriú le hinstitiúidí eile agus le seirbhísí eile de chuid na Parlaiminte maidir le deontais;

— Freagracht a ghlacadh as bainistiú doiciméad agus as nósanna imeachta cartlannaithe ar leibhéal na hArd-Stiúrthóireachta.

AN tAONAD FAISNÉISÍOCHTA

— Sochmhainní TF na hArd-Stiúrthóireachta a bhainistiú, lena n-áirítear sna hoifigí idirchaidrimh; tacaíocht agus cúnamh TF a chur ar fáil d'úsáideoirí uile na hArd-Stiúrthóireachta maidir le fadhbanna laethúla agus le linn imeachtaí eisceachtúla; tacú le comhordú na comhlíontachta cibearshlándála san Ard-Stiúrthóireacht;

— Tionscadail na hArd-Stiúrthóireachta a bhainistiú agus tacú leo, freagracht theicniúil a ghlacadh, córais TF áirithe, slándáil faisnéise agus rialachas TF i gcoitinne a chomhordú;

— Na spásanna sa Bhruiséil agus in Strasbourg a bhainistiú; próiseáil agus faireachán a dhéanamh ar iarrataí ar chúnamh teicniúil ó ranna; cúnamh a thabhairt do ranna faireachán a dhéanamh ar a bhfardal;

— Faireachán a dhéanamh ar thionscadail agus cumarsáid agus idirghníomhaíocht le AS ITEC agus le hArd-Stiúrthóireachtaí eile agus iad a éascú, agus tionscadail fhormheasta á gcur chun feidhme; smaointe nua TF ó ranna na hArd-Stiúrthóireachta a shainaithint agus a ullmhú chun iad a thabhairt isteach sa chéad timthriall eile de chláir TF;

— Comhairle a thabhairt d'aonaid agus don Stiúrthóireacht maidir le gnéithe TF amhail an chibearshlándáil, creatchonarthaí, teicneolaíochtaí nuálacha agus rialachas TF.

AN tAONAD UM FHEIDHMÍOCHT AGUS UM BAINISTIÚ AN BHUISÉID

— Modh éifeachtach agus comhleanúnach a bhunú chun feidhmíocht ghníomhaíochtaí uile na hArd-Stiúrthóireachta a thomhas trí tháscairí lena ndéantar measúnú ar shástacht na gcustaiméirí agus ar tháirgiúlacht na n-aonad; na táscairí sin a scaipeadh trí thuarascálacha rialta a fhoilsiú, anailís a dhéanamh orthu agus an bainistíocht shinsearach agus úsáideoirí a choinneáil ar an eolas ina leith;

— Pleanáil bhuiséadach a dhéanamh (rannchuidiú na hArd-Stiúrthóireachta leis an nós imeachta buiséadach a thuairisciú, bainistíocht buiséid a tharraingt suas agus faireachán a dhéanamh uirthi, tuarascálacha a tharraingt suas ar bhainistíocht bhuiséadach agus ar bhainistíocht airgeadais), bainistíocht riosca agus rialú inmheánach, an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a tharraingt suas, faireachán a dhéanamh ar thuarascálacha ar urscaoileadh agus ar iniúchadh;

— Fíorú *ex ante* a dhéanamh ar na hidirbhearta airgeadais go léir (gealltanais, íocaíochtaí, orduithe aisghabhála agus orduithe um thabhairt chun rialtachta) chun dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart sin a fhíorú;

— Córais airgeadais a bhainistiú, deasc chabhrach le haghaidh córais chuntasaíochta agus airgeadais, sonraisc a dháileadh i measc ranna, idirbhearta a dhéanamh agus tuarascálacha cuntasaíochta a ullmhú.

AN tAONAD UM LEANÚNACHAS GNÓ AGUS UM THEACHT ANIAR EAGRAÍOCHTÚIL

— Treoirlínte agus prótacail a cheapadh agus a fhorbairt le haghaidh bainistiú tapa agus éifeachtach géarchéimenna laistigh den Ard-Stiúrthóireacht agus béim á leagan ar idirspleáchas idir ranna éagsúla;

— Bainistíocht shinsearach na hArd-Stiúrthóireachta a threorú agus a chomhordú, agus tacú léi maidir le pleananna leanúnachais gnó a ullmhú agus a chur chun feidhme ar leibhéal na stiúrthóireachta agus/nó na ngníomhaíochtaí;

— Tacú leis an Stiúrthóireacht um Acmhainní trí chuidiú le hathléimneacht agus bainistiú leanúnachais gnó na hArd-Stiúrthóireachta a neartú;

— Oiliúint tosaigh a chur ar bhaill foirne na hArd-Stiúrthóireachta maidir le bunchoincheapa an leanúnachais gnó agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta a ullmhú maidir leis na gnéithe sin.